



2025/1216

27.6.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1216 ÓN gCOIMISIÚN
an 26 Meitheamh 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 a mhéid a bhaineann leis an roinnt agus an dáileadh comharthaí faoi GOVSATCOM

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 66(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is cuid fhíor-riachtanach de chóras GOVSATCOM é mol GOVSATCOM. Lena chuid seirbhísí, tacaítear le bainistiú chóras GOVSATCOM go háirithe a mhéid a bhaineann le roghnú, áirithint, bunú agus soláthar sheirbhísí GOVSATCOM agus a mhéid a bhaineann le leithdháileadh agus dí-leithdháileadh acmhainní mar a bunaíodh in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 ón gCoimisiún ⁽²⁾. Chun feabhas a chur ar éifeachtacht an chórais, tá sé tábhachtach gur féidir leis na rannpháirtithe comharthaí breise a cheannach go díreach trí mhol GOVSATCOM.
- (2) Ba cheart an próiseas a bhaineann le deonú agus aistriú na gcomharthaí a chuíchóiriú chun cur chun feidhme oibriochtúil a éascú.
- (3) I bhfianaise ról an Choimisiúin, agus maoirseacht á déanamh ar chomhpháirt GOVSATCOM den Chlár Spáis a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/696, ba cheart do mhol GOVSATCOM fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon chomhartha breise a cheannaíonn rannpháirtí nó aon chomhartha a dheonaítear idir rannpháirtithe.
- (4) Chun freastal ar fhoirmíocht tosaigh GOVSATCOM agus chun a áirithiú go soláthraíonn GOVSATCOM seirbhísí a luaite is féidir, an sásra chun comharthaí a dháileadh agus acmhainní a leithdháileadh le haghaidh an chéad téarma clársceidealaithe de chuid an chomhthiomsaithe, ba cheart sprioc-amanna gearra a bheith sa sásra sin agus ba cheart é a dhéanamh níos solúbtha.
- (5) Chun leithdháileadh acmhainní a bharrfheabhsú agus chun cur amú comharthaí neamhúsáidte a sheachaint, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar dháileadh na gcomharthaí. Chuige sin, ba cheart do na rannpháirtithe an Coimisiún a chur ar an eolas faoina gcuid riachtanas agus faoina n-ullmhacht chun comharthaí nár úsáideadh a dheonú agus ba cheart don Choimisiún na comharthaí a dháileadh de réir mar is gá.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 a leasú dá réir sin.
- (7) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun tús a chur le cur chun feidhme GOVSATCOM a luaite is féidir chun aghaidh a thabhairt ar an staid éigeandála atá ag eascairt as éabhlóid na staide geopholaitiúla.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Cláir a bunaíodh faoi Airteagal 107 de Rialachán (AE) 2021/696,

⁽¹⁾ IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 maidir leis na rialacha a leagan amach maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, seirbhísí, agus trealamh úsáideoirí chun an fheidhm dá dtagraítear in Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh (IO L 141, 31.5.2023, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1055/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 mar a leanas:

1. in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna (4) agus (5):

‘(4) Féadfaidh rannpháirtí comharthaí breise a cheannach trí mhol GOVSATCOM ag cóimheas comhshó na gcomharthaí arna shainiú do Théarma Clársceidealaithe an Chomhthiomsaithe sin i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil ceannach comharthaí le cur le leithdháileadh seasta chuntas an rannpháirtí, seolfaidh an rannpháirtí a iarraidh ar chomharthaí breise a cheannach chuig mol GOVSATCOM leis an bplean dá dtagraítear in Airteagal 6(1);
- (b) i gcás ina bhfuil comharthaí ceannaithe le cur leis an gcuid leithdháilte dhinimiciúil réamhíoctha de chuntas an rannpháirtí, seolfaidh an rannpháirtí a iarraidh ar chomharthaí breise a cheannach chuig mol GOVSATCOM leis an bhfaisnéis maidir le roinnt a chomharthaí atá fágtha dá dtagraítear in Airteagal 7(1);
- (c) i gcás ina bhfuil comharthaí ceannaithe le cur leis an gcuid leithdháilte dhinimiciúil ar éileamh de chuntas an rannpháirtí, féadfaidh an rannpháirtí a iarraidh ar chomharthaí breise a cheannach a sheoladh chuig mol GOVSATCOM tráth ar bith le linn Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe.

Le mol GOVSATCOM, tabharfar fógra don Choimisiún faoi chomharthaí breise a cheannaíonn rannpháirtí.

(5) Ní fhéadfaidh rannpháirtí comharthaí a dheonú óna chuntas do rannpháirtí eile ach amháin le comhaontú an rannpháirtí atá ag fáil na gcomharthaí.

A luaithe a thiocfar ar chomhaontú idir an rannpháirtí is deontóir agus an rannpháirtí is faighteoir, iarrfaidh an rannpháirtí is deontóir na comharthaí a aistriú chuig mol GOVSATCOM. Déanfaidh mol GOVSATCOM an t-aistriú chuig cuntais na rannpháirtithe is faighteoirí. Tabharfaidh mol GOVSATCOM fógra don Choimisiún nuair atá an t-aistriú déanta.

Déanfar comharthaí a aistriú ón gcuid chéanna de chuntas an rannpháirtí is deontóir (an chuid leithdháilte dhinimiciúil réamhíoctha de nó an chuid leithdháilte dhinimiciúil ar éileamh de) chuig an gcuid chéanna de chuntas an rannpháirtí is faighteoir;:

2. in Airteagal 5, leasaítear míreanna 2 agus 3 mar a leanas:

- (a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) *Sciar iomlán na mBallstát agus na dTríú Tíortha*, a shocraítear ag 75 % den líon iomlán comharthaí;’

- (b) i mír 2, cuirtear isteach an dara fomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le linn an chéad Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe, socrófar an lamháil ghéarchéime ag 0, agus déanfaidh an Coimisiún na comharthaí, a roinneadh ina lamháil ghéarchéime de bhun Airteagal 5, a dháileadh idir na Ballstáit ar lú ná 5 % a sciar de *Sciar iomlán na mBallstát agus na dTríú Tíortha*;’

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘(3) Déanfar *Sciar iomlán na mBallstát agus na dTríú Tíortha* a roinnt a thuilleadh idir na rannpháirtithe. Aon Bhallstát nó tír atá rannpháirteach sa chlár i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2021/696, gheobhaidh sé/sí céatadán (ina chomharthaí) de *Sciar iomlán na mBallstát agus na dTríú Tíortha*. Úsáidfí an Coimisiún an fhoirmle seo a leanas chun an céatadán sin a ríomh:

$$\text{Sciar of a Member State or third country (x)} = \frac{\text{population of country (x)}}{\text{population of all participating Member States and third countries}}$$

Is éard a bheidh i ndaonra an Bhallstáit an daonra a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (*). Leagfar amach an ranníocaíocht airgeadais agus foinse na faisnéise maidir le daonra na dtríú tíortha, atá rannpháirteach sa chlár, sa chomhaontú lena rialaítear rannpháirtíocht na dtríú tíortha in GOVSATCOM agus an rochtain atá acu air.

Is éard a bheidh sa líon comharthaí a gheobhaidh rannpháirtí sciar an rannpháirtí le haghaidh an rannpháirtí sin le haghaidh an chéad Téarma Clársceidealaithe eile de chuid an Chomhthiomsaithe.

Mura bhfuil údarás inniúil de chuid GOVSATCOM ainmnithe ag Ballstát nó ag tír atá rannpháirteach in GOVSATCOM 32 sheachtain ar a laghad roimh dháta tosaigh an Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe, dáilfear a chomharthaí/comharthaí ar na Ballstáit agus ar na tíortha atá rannpháirtíocht in GOVSATCOM, a bhfuil a údarás inniúil de chuid GOVSATCOM ainmnithe acu, ar bhonn *pro rata*.

(*) Cinneadh ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, IO L 325, 11.12.2009, lch. 35, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2009/937/oj>;

3. in Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas:

‘(4a) De mhaolú air sin, le linn an chéad Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 den Airteagal seo.’;

4. Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

- (a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘(1a) De mhaolú ar mhír 1, le linn an chéad Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe, leithdháilfidh rannpháirtithe a gcuid comharthaí uile ar an gcuid leithdháilte dhinimiciúil ar éileamh dá gcuntas.’;

- (b) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

‘(3a) De mhaolú ar mhír 3, le linn an chéad Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe, acmhainní sa chomhthiomsú a fhorchoimeádtar i gcás géarchéime, ní chuimseofar iad sna conarthaí ná sna comhaontuithe le soláthraithe dá dtagraítear in Airteagal 3(2).’;

5. cuirtear an tAirteagal 8a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 8a

An Chéad Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe

(1) Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na rannpháirtithe faoi dháta tosaigh an chéad Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe agus faoin líon comharthaí a bheidh ar fáil do gach rannpháirtí seachtain amháin sula gcuirfear mol GOVSATCOM i seirbhís. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do mhol GOVSATCOM faoi na comharthaí atá ar fáil do gach rannpháirtí.

(2) Mura bhfuil údarás inniúil de chuid GOVSATCOM ainmnithe ag Ballstát nó ag tír atá rannpháirteach in GOVSATCOM 12 mhí tar éis dháta tosaigh an chéad Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe, dáilfear a chomharthaí/comharthaí ar na Ballstáit agus ar na tíortha atá rannpháirteach in GOVSATCOM, a bhfuil údarás inniúil de chuid GOVSATCOM ainmnithe acu, ar ráta *pro rata*.’;

6. cuirtear an tAirteagal 11a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 11a

Fógra agus pleanáil dáileacháin

1. De bhun Airteagal 3(5), 10 mí tar éis dháta tosaigh gach Téarma Clársceidealaithe de chuid an Chomhthiomsaithe, tabharfaidh rannpháirtithe, a bhfuil comharthaí acu atá ar fáil lena ndeonú nó a bhfuil riachtanais neamh-chomhlíonta acu, fógra don Choimisiún. Cuimseofar san fhógra sin an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) an líon comharthaí a thuartar a bhfuil sé beartaithe ag rannpháirtí gan iad a úsáid le linn Théarma Clársceidealaithe an Chomhthiomsaithe;
- (b) an líon comharthaí is mian le gach rannpháirtí a dheonú dá thoil féin, más ann dóibh;
- (c) an méid comharthaí breise a thuartar a mbeidh gá leo chun na riachtanais le haghaidh seirbhísí a chomhlíonadh.

Ar bhonn na bhfógraí sin agus an buiséad foriomlán atá ar fáil do Théarma Clársceidealaithe an Chomhthiomsaithe sin, an líon comharthaí atá ar fáil lena ndeonú agus riachtanais neamh-chomhlíonta na rannpháirtithe á gcur san áireamh, ullmhóidh an Coimisiún plean um dháileadh na gcomharthaí atá ar fáil lena ndeonú agus scaipfidh sé é ar na rannpháirtithe is deontóirí laistigh de 6 sheachtain tar éis dó na fógraí a fháil ó na rannpháirtithe. Tabharfaidh na rannpháirtithe is deontóirí a n-aiseolas laistigh de 2 sheachtain tar éis dóibh an plean um dháileadh a fháil. Laistigh de 2 sheachtain tar éis don Choimisiún an t-aiseolas sin a fháil, tabharfaidh sé fógra do na rannpháirtithe is deontóirí agus na rannpháirtithe is faighteoirí faoin bplean um dháileadh.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra do mhol GOVSATCOM faoin bplean um dháileadh gan mhoill.

Dáilfidh mol GOVSATCOM na comharthaí de réir an phlean um dháileadh.

2. Beidh an próiseas dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do cheannach comharthaí dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus do dheonú comharthaí dá dtagraítear in Airteagal 4(5).'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN